


Tuarascáil Bhliantúil

2022



BERS

An Bord Eorpach um Riosca Sistéamach

An Córas Eorpach um Maoirseacht Airgeadais

Clár

Réamhrá	2
Achoimre Feidhmiúcháin	4
Inphionta	8



Réamhrá



Christine Lagarde, Cathaoirleach an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach

Tá an-áthas orm an 12ú Tuarascáil Bhliantúil ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS), a chlúdaíonn an tréimhse idir 1 Aibreán 2022 agus 31 Márta 2023, a chur i láthair. Is cuid thábhachtach de thrédhearcacht agus de chreat cuntasachta BERS í an tuarascáil. Leis an tuarascáil seo, atá dírithe ar chomhreachtóirí san Aontas Eorpach agus ar phobal na hEorpa i gcoitinne, mínimid cén chaoi ar chomhlíon BERS a sainordú.

Bhí éiginnteacht gheopholaitiúil agus eacnamaíoch níos airde ina saintréith den tréimhse atá faoi chaibidil, mar gheall ar chogadh gan chúis na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Tháinig méadú ar phraghsanna fuinnimh de dheasca an chogaidh, rud a chothaigh brú boilscitheach domhanda agus a raibh coinníollacha airgeadais níos doichte mar thoradh air. Tá na forbairtí seo i ndiaidh

tionchar mór a imirt ar an ionchas geilleagrach. Chomh maith leis sin, tá timpeallacht na cibearbhartha spreagtha ag an gcogadh ar fud na hEorpa. Tháinig méadú suntasach ar rioscaí a bhaineann le cobhsaíocht airgeadais mar gheall ar na cúinsí seo.

Chuaigh BERS i ngleic leis na forbairtí seo ar roinnt bealaí. Mar shampla, i Meán Fómhair 2022 d'éiligh an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach aird níos mó a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le cobhsaíocht airgeadais trí **rabhadh ginearálta** a eisiúint maidir le leochaileachtaí chóras airgeadais an Aontais Eorpaigh. D'eisigh sé **moladh** ar mhaithe le cuidiú dul i ngleic le leochaileachtaí a bhaineann le heastát réadach tráchtála freisin. Chomh maith leis sin, mar fhreagra ar thimpeallacht ina raibh baol na cibearbhartha méadaithe, ghníomhaigh an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach chun an malartú eolais idir dlínsí agus údaráis éagsúla a éascú. D'fhoilsigh sé **tuarascáil** inar leag sé amach na huirlisí agus na gnéithe a theastaíonn chun cibear-athléimneacht a chur chun cinn agus ullmhacht a neartú chun déileáil le cibirtheamhais.

D'éiligh an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach ar na comhreachtóirí athbhreithnithe a rinneadh ar cháipéisí reachtaíochta gaolmhara a úsáid chun dul i ngleic le leochaileachtaí san earnáil airgeadais neamhbhainc. Mar chuid de seo, léirigh sé cén chaoi ar cheart **Sócmhainneacht II**, an creat rialála le haghaidh árachóirí, a neartú, le béim ar uirlisí bainistíochta leachtachta. Chomh maith leis sin, d'áitigh an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach gur baol do chobhsaíocht airgeadais a bhí i **ndrochchaighdeán seasmhach sonraí**. Ina theannta sin, i gcomhthéacs na spriocathruithe molta ar an Rialachán um Bonneagar Margaidh Eorpach, mhol an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach bealaí chun **imréiteach lárnach a neartú**.

Ag deireadh na tréimhse athbhreithnithe, leag titim dhá bhanc meánmhéide de chuid na Stát Aontaithe, chomh maith leis na fadhbanna a d'eascair as an táthcheangal a rinne UBS ar Credit Suisse, béim ar an tábhacht a bhaineann le fanacht airdeallach. Chuir staideanna fónta caipitil agus leachtachta, chomh maith le brabúsacht láidir, le hathléimneacht earnáil baincfeireachta an Aontais sa tréimhse faoi athbhreithniú. Mar sin féin, tá dhá phríomhfhachtóir fós ag dul i bhfeidhm ar an ionchas don earnáil seo: ar dtús, an luasmhoilliú ar fhás eacnamaíoch agus rátaí



úis níos airde, lena n-áirítear an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ar cháilíocht sócmhainní agus ar mhéideanna iasachtaithe; agus ar an dara dul síos, an éifeacht a bheadh ag costais mhaoinithe ardaithe do bhainc, rud a d'fhéadfadh brú a chur ar chorrtaigh úis. Ní fios fós cé chomh mór is atá tionchar na bhfachtóirí seo, ach is dócha go n-éireoidh sé níos suntasaí le himeacht ama. Tar éis an chruinnithe a bhí aige ag deireadh mhí an Mhárta, thug Bord Ginearálta BERS faoi deara gur cheart do gach institiúid airgeadais a leibhéil reatha athléimneachta a chaomhnú go cúramach chun a chinntiú go bhféadfaidh siad dul i ngleic le timpeallacht nach mbeadh, b'fhéidir, chomh fabhrach céanna.¹

Ar deireadh, d'fhág roinnt comhghleacaithe a bpost le linn na tréimhse athbhreithnithe, agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo ar fad as a n-ionchur tábhachtach. Glacaim buíochas ó chroí le Stefan Ingves, ar tháinig deireadh lena thréimhse mar Phríomh-Leas-Chathaoirleach BERS nuair a d'éirigh sé as a phost mar Ghobharnóir ar Sveriges Riksbank le dul ar scor. Bhí tábhacht mhór leis an méid a rinne Stefan d'obair an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach ó bunaíodh é. Bhí sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Comhairleach Teicniúil ar feadh an chéad dá théarma (2010-16) agus thacaigh sé leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach agus é mar Phríomh Leas-Chathaoirleach air ó 2020 i leith.

Ba mhaith liom freisin buíochas ó chroí a ghabháil le Lars Rohde, iar-Ghobharnóir Danmarks Nationalbank agus iar-bhall den Bhord Ginearálta agus den Choiste Stiúrtha, agus leis an nGobharnóir Pierre Wunsch, iar-bhall den Choiste Stiúrtha, as an obair mhór a rinne siad ar son an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don Ollamh Javier Suarez (CEMFI) faoi na hocht mbliana a chaith sé ina Chathaoirleach agus ina Leas-Chathaoirleach ar Choiste Comhairleach Eolaíoch an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach.

Christine Lagarde
Cathaoirleach BERS

¹ Féach [preaseisiúint i ndiaidh chruinniú an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach, an 30 Márta 2023](#).



Achoimre Feidhmiúcháin

I Meán Fómhair 2022 d'eisigh an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) rabhadh ginearálta - den chéad uair - maidir le leochaileachtaí i gcóras airgeadais an Aontais Eorpaigh, agus na rioscaí do chobhsaíocht airgeadais tar éis méadú go follasach i gcaitheamh na bliana.² Mhéadaigh tionchar eacnamaíoch chogadh éagórach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, chomh maith le coinníollacha airgeadais níos doichte a d'éirigh as normalú beartais airgeadaíochta, an dóchúlacht go mbeadh cásanna earr-riosca ann. D'éiligh rabhadh BERS go mbeadh feasacht níos airde ar na rioscaí don chobhsaíocht airgeadais agus cuireadh béim ar an ngá atá le hathléimneacht níos fearr in earnáil airgeadais an Aontais chun go mbeadh an córas airgeadais ábalta tacú leis an ngeilleagar dá dtiocfadh na rioscaí sin chun cinn.

Tháinig méadú suntasach ar rioscaí do chobhsaíocht airgeadais san Aontas Eorpach in 2022. Briseadh amach an chogaidh san Úcráin ba chúis le meath tapa sa timpeallacht rioscaí, as ar tháinig éiginnteacht gheopholaitiúil níos mó, borradh mór faoi bhoilsciú agus ionchais fáis ag dul in olcas mar gheall ar phraghsanna fuinnimh, bia agus tráchtearraí níos airde agus cur isteach ar an slabhra soláthair. Mar thoradh air sin, méadaigh na rioscaí do chobhsaíocht airgeadais go suntasach ar fud earnálacha, lena n-áirítear teaghlaigh, gnólachtaí neamhairgeadais, institiúidí airgeadais, agus ar fud margáil airgeadais freisin. Tháinig meath ar an ionchas do theaghlaigh mar gheall ar laghdú ar ioncaim indiúscartha réadach agus coinníollacha airgeadais níos doichte. D'éirigh corparáidí neamhairgeadais, gnólachtaí in earnálacha atá dian ar fhuinneamh agus iad siúd a chuaigh níos doimhne i bhfiacha le linn phandéim an choróinviris (COVID-19) go háirithe, níos leochaillí do rátaí boilscithe agus úis atá ag ardú. D'éirigh gnólachtaí airgeadais níos neamhchosanta de réir a chéile do rioscaí creidmheasa agus maoinithe níos airde de réir mar a chuaigh an t-ionchas macra-eacnamaíoch in olcas. Spreag an cogadh san Úcráin titim ghéar agus leathan-bhunaithe i bpraghsanna sócmhainní. Laghdaigh comhghluaiseacht láidir praghsanna thar raon leathan aicmí sócmhainní na buntáistí a bhaineann le straitéisí éagsúlaithe. Ina theannta sin, méadaigh an teannas geopolitical atá ag dul i méid an riosca go ndíreofaí cibearionsaithe ar fud an chórais ar institiúidí airgeadais nó ar na príomhsholáthraithe seirbhíse a mbíonn siad ag brath orthu.

Sna cúig mhí tar éis an rabhadh ginearálta a bheith eisithe, tháinig laghdú go pointe áirithe ar earr-rioscaí garthéarmacha don ionchas eacnamaíoch. Léirigh sé seo praghsanna fuinnimh agus tráchtearraí níos ísle, brabúsacht níos fearr ná mar a bhíothas ag súil leis na mbanc agus ardú ar phraghsanna cothromais. Chuidigh coigilteas fuinnimh ag teaghlaigh agus gnólachtaí, mar aon le geimhreadh éadrom, leis an earr-riosca ó ghéarchéim iomlán fuinnimh san Eoraip a sheachaint. Ina theannta sin, thacaigh athoscailt gheilleagar na Síne tar éis an bheartais glasála i ndiaidh na paindéime COVID-19 leis an éileamh domhanda.

Mhéadaigh imní faoi leochaileachtaí na hearnála baincéireachta i mí an Mhárta 2023 tar éis titim dhá bhanc meánmhéide sna Stáit Aontaithe agus na fadhbanna a d'fhág gur ghlac UBS ar láimh Credit Suisse. Chuir lucht déanta beartas sna dlínsí ábhartha roinnt beart chun feidhme

² Ón 1 Aibreán 2022 go 31 Márta 2023 tréimhse athbhreithnithe na tuarascála seo.



go tapa a chabhraigh le muinín san earnáil airgeadais a athbhunú.³ Thug BERS faoi deara gur léirigh forbairtí in earnáil na baincéireachta agus sna margaí airgeadais i mí an Mhárta go raibh gá le bheith airdeallach ar na leochaileachtaí a tugadh ar aird leis na himeachtaí seo, maidir le struchtúir mhaoinithe agus bainistiú riosca ráta úis sa leabhar baincéireachta i dtimpeallacht dhúshlánach mhacra-airgeadais. Chuige sin, chuir BERS béim gur cheart d'institiúidí airgeadais na leibhéil athléimneachta atá acu faoi láthair a chaomhnú go cúramach chun a chinntiú go bhféadfaidh siad dul i ngleic le timpeallacht nach mbeadh, b'fhéidir, chomh fabhrach céanna.⁴

Lean BERS lena ghníomhaíochtaí faireacháin rialta agus chuir sé le cleachtaí tástála struis na nÚdarás Maoirseachta Eorpach. Mar chuid den fhaireachán ar rioscaí i gcodanna áirithe den earnáil airgeadais neamhbhainc, d'fhoilsigh BERS **Monatóir Riosca Idirghabhála Airgeadais Neamhbhainc bliantúil an Aontais**. Sholáthair sé cásanna díobhálacha freisin do **thástáil struis earnáil baincéireachta uile-Aontais 2023 an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh** agus do **thástáil struis ciste margaidh airgid an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí in 2022**, chomh maith leis an **gcás aeráide do thástáil struis pinsin an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Ghairme ar fud an AE in 2022**.

Le linn na tréimhse athbhreithnithe lean BERS ag obair ar roinnt sainchomhad beartais trasteorann agus trasearnála tábhachtacha. Mar chuid den obair seo, d'eisigh sé moladh chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí i margaí eastát réadach tráchtála (CRE). Tá idirnáisc láidre ag CRE leis an bhfíorghuilleagar agus leis an gcóras airgeadais araon, agus mar sin d'fhéadfadh tionchar sistéamach a bheith aige ar an dá cheann. Leag moladh BERS amach roghanna beartais gearrthéarmacha go meántéarmacha chun athléimneacht a mhéadú thar raon institiúidí airgeadais, lena n-áirítear bainc, cistí infheistíochta agus árachóirí. Mhol an BERS freisin gníomhaíochtaí rialála ón gCoimisiún Eorpach chun dul i ngleic le bearnaí sonraí agus chun rialachán bunaithe ar ghníomhaíochtaí a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí CRE ar fud na hearnála airgeadais. Ina theannta sin, chuir sé moltaí beartais ar aghaidh maidir le rioscaí cobhsaíochta airgeadais a bhaineann le cibeartheagmhais agus athrú aeráide, chomh maith le cripte-sócmhainní agus airgeadas díláraithe. Tá na moltaí seo deartha chun rioscaí agus leochaileachtaí aitheanta a bhaineann leis an gcóras airgeadais a mhaolú. Leagadh béim ar chuid de na rioscaí agus na leochaileachtaí trasghearrtha seo sa rabhadh ginearálta freisin, cé go raibh go leor den obair seo tosaithe sular eisíodh an rabhadh.

Lean BERS freisin ag obair ar bheartais earnáilsonracha, lena gcumhdaítear bainc, cistí infheistíochta, árachóirí agus an t-éiceachóras imréitigh lárnaigh. Leag rabhadh ginearálta BERS ó Mheán Fómhair 2022 béim ar an ngá atá le hathléimneacht na n-earnálacha sin a mhéadú agus an dóchúlacht go dtarchuirfí turraingí chuig codanna eile den chóras airgeadais a laghdú. Maidir le hearnáil na baincéireachta, áiríodh leis an obair earnáilsonrach seo rannchuidiú le hathbhreithniú cúig bliana an Choimisiúin Eorpaigh ar chreat beartais macrastuamachta san Aontas. Thacaigh BERS freisin le comhaltaí BERS ina gcinntí beartais macrastuamachta náisiúnta. Lasmuigh d'earnáil na baincéireachta, d'iarr an BERS arís agus arís eile go ndéanfaí athchóirithe

³ Mar shampla, chuir Banc Náisiúnta na hEilvéise **cúnamh suntasach leachtachta ar fáil** chun tacú le táthcheangail UBS ar Credit Suisse. D'eisigh an Bord Aonair Réitigh, an tÚdarás Baincéireachta Eorpach agus Maoirseacht Baincéireachta BCE **ráiteas comhpháirteach** inar soiléiríodh an t-ord inar cheart go n-iompródh scairshealbhóirí agus creidúnaithe caillteanais i gcás dócmhainneachta. D'fhógair Banc Cheanada, Banc Shasana, Banc na Seapáine, an Banc Ceannais Eorpach, an Córas Cúlchiste Feidearálach agus Banc Náisiúnta na hEilvéise **gníomhaíocht chomhordaithe** chun soláthar leachtachta a fheabhsú trí shocrúithe seasta líne babhtála leachtachta dollar Stáit Aontaithe Mheiriceá.

⁴ Féach **preaseisiúint** i ndiaidh chruinniú an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach, an 30 Márta 2023.



rialála san earnáil airgeadais neamhbhainc⁵ agus thug sé faoi deara gur beag dul chun cinn a rinneadh.⁶ Thug na tograí reachtacha maidir le hathbheithniú ar na rialacha stuamachta lena rialaítear cistí infheistíochta, árachóirí agus imréiteach lárnach arna n-eisiúint ag an gCoimisiún Eorpach le linn na tréimhse athbheithnithe deis aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí. Agus é sin á léiriú, chuaigh BERS i dteagmháil leis na comhreachtóirí chun aird a tharraingt ar réimsí de na tograí seo ina mbeadh fáilte roimh fheabhsuithe chun rioscaí don chobhsaíocht airgeadais a laghdú.

Neartaíodh beartais mhacrustuamachta i roinnt de Bhallstáit an Aontais thar thréimhse an athbheithnithe mar fhreagra ar an méadú ar rioscaí timthriallacha. Ardaíodh rátaí an chaipitil mhaolánaigh fhrith-thimthriallaigh (CCyB) i 13 thír AE/LEE thar thréimhse an athbheithnithe (an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an Eastóin, an Fhrainc, an Ungáir, Éire, an Liotuáin, an Ísiltír, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic agus an tSualainn). Thug ceithre thír maolán um priacal sistéamach nua isteach. D'úsáid Lichtinstéin, Málta agus an tSlóivéin an maolán um priacal sistéamach chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí earnála a bhaineann le margadh na réadmhaoine agus earnáil na dteaghlach. D'fhorchuir an Fhionlainn an maolán um priacal sistéamach ar risíochtaí intíre iomlána. Chuir an Ísiltír agus an Iorua síneadh le cur i bhfeidhm na mbeart náisiúnta níos déine (faoi Airteagal 458 den Rialachán um Cheanglais Chaipitil – CRR⁷). San Ísiltír, dhírigh an beart ar an earnáil eastát réadach cónaithe (RRE), agus san Iorua dhírigh sé ar an earnáil RRE agus ar an earnáil CRE araon. Ar deireadh, ghlac an Ostair, an Rómáin, an tSlóivéin, an Íoslainn, Éire, an Iorua agus an tSlóvaic bearta nua bunaithe ar iasachtaí (BBManna) nó mhodhnaigh siad na cinn a bhí ann cheana. Bhain cuid de na bearta seo le gach iasachtaí de chineálacha áirithe iasachta, agus bhain cuid eile le grúpaí iasachtaithe sonracha (m.sh. ceannaitheoirí céaduaire, ceannaitheoirí dara maoiné nó ceannaitheoirí maoiné ina dhiaidh sin). Cé gur tháinig géarú ar bheartais mar thoradh ar fhormhór na gcintí ar BBManna, i gcásanna áirithe scaoileadh BBManna d'fhoghrúpaí roghnaithe iasachtaithe.

Chuaigh an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach i mbun a chuid oibleagáidí cuntasachta agus tuairiscithe do Pharlaimint na hEorpa agus don phobal. Mar chuid de na hoibleagáidí sin, d'fhreastail Cathaoirleach BERS ar éisteacht phoiblí os comhair Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta Parlaimint na hEorpa (ECON) an 20 Meitheamh 2022. D'fhreastail Leas-Chathaoirleach BERS ar éisteacht phoiblí os comhair ECON an 16 Bealtaine 2022. Ar na hócáidí sin, cuireadh faisnéis ar fáil d'Fheisirí Parlaimint na hEorpa inar tugadh an réasúnaíocht a bhí le tionscnaimh bheartais a ghlac BERS le fios. An 28 Samhain 2022 bhí cruinniú rúnda ag an gCathaoirleach freisin le Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach ECON chun rioscaí don chobhsaíocht airgeadais a phlé. Mar chuid dá chuntasacht don phobal, d'eisigh BERS a Thuarascáil Bhliantúil 2021 i mí Iúil 2022.

D'eagraigh BERS roinnt comhdhálacha agus ceardlann freisin chun plé ar bheartais macrustuamachta a chothú. Mar chuid dá shainordú, thionóil BERS a chruinniú bliantúil le Coiste

⁵ Féach, mar shampla, an óráid ó Mario Draghi, a bhí ina Uachtarán ar an mBanc Ceannais Eorpach ag an am agus ina Chathaoirleach ar an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach, “**Ag Tógáil ar éachtaí na n-athchóirithe iar-ghéarchéime**”, ag dara comhdháil bhliantúil BERS, Frankfurt am Main, 21 Meán Fómhair 2017.

⁶ Féach an **óráid** a thug Cathaoirleach BERS, Christine Lagarde, ag an Éisteacht os comhair an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta de chuid Parlaimint na hEorpa an 20 Márta 2023.

⁷ **Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, Ich. 1).**



na gComhlachtaí Eorpacha um Maoirseacht ar Iniúchóireacht agus le hiniúcháirí reachtúla banc agus árachóirí domhanda atá bunaithe san Aontas a bhfuil tábhacht shistéamach acu. Thionóil BERS a shéú comhdháil bhliantúil freisin, a dhírigh ar dhúshlán bheartais sa timpeallacht mhaireacnamaíoch reatha agus nuálaíocht teicneolaíochta agus riosca sistéamach.



Inphrionta

© An Bord Eorpach um Riosca Sistéamach, 2023

Seoladh poist 60640 Frankfurt am Main, An Ghearmáin
Guthán +49 69 1344 0
Suíomh Gréasáin www.esrb.europa.eu

Gach ceart ar chosaint. Ceadáítear atáirgeadh ar mhaithe le hoideachas agus le cúiseanna nach mbaineann le tráchtáil a fhad is go dtugtar aitheantas don fhoinsé.

Tá téarmaíocht ar leith ar fáil i [ngluais BERS](#) (ar fáil i mBéarla amháin).

PDF ISBN 978-92-9472-341-3, doi:10.2849/53426, ISSN 2600-528X DT-AB-23-001-GA-N